Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

2026/2070(INI)

11.6.2026

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le scileanna a neartú san Aontas – deiseanna sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúnt in aimsir an athraithe
(2026/2070(INI))

An Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

Rapóirtéir: Brigitte van den Berg

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 7

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR 9

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le scileanna a neartú san Aontas – deiseanna sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúnt in aimsir an athraithe

(2026/2070(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do Dhearbhú Herning maidir le Gairmoideachas agus Gairmoiliúint atá tarraingteach agus cuimsitheach le haghaidh iomaíochas méadaithe agus poist ardcháilíochta don tréimhse 2026-2030, a ghlac na Ballstáit an 12 Meán Fómhair 2025,

– ag féachaint do Mholadh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint (VET) le haghaidh an iomaíochais inbhuanaithe, na cothroime sóisialta agus na hathléimneachta[1],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 dar teideal ‘The Union of Skills’ [Aontas na Scileanna] (COM(2025)0090),

– ag féachaint don mholadh le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le caipiteal daonna san Aontas Eorpach, a ghlac an Chomhairle an 9 Márta 2026,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas agus oiliúint, an óige agus spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1288/2013[2],

– ag féachaint do Riail 55 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A10-0000/2026),

A. de bhrí go bhfuil dioplóma gairmoideachais agus gairmoiliúna bainte amach ag 34.7 % de mhuintir na hEorpa; de bhrí go bhfuil 49 % de na mic léinn uile san Aontas cláraithe i gclár gairmoideachais agus gairmoiliúna[3]; de bhrí go meastar go bhfuil an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint ar luach níos ísle ná an t-oideachas acadúil i roinnt mhaith Ballstát; de bhrí go bhféadfadh laofacht shóisialta nó níos lú deiseanna a bheith roimh mhic léinn agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna mar thoradh ar an dearcadh diúltach sin;

B. de bhrí go bhfuil méadú ag teacht ar an ngá atá le gairmithe oilte san Aontas, arb iad an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an t-aislonnú tionsclaíoch, infheistíocht i mbonneagar agus an t-athrú déimeagrafach is cúis leis; de bhrí go léirítear le faisnéis faoin margadh saothair géarghanntanais leanúnacha in earnálacha a bhíonn ag brath go mór ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint; de bhrí go dtuartar i réamhaisnéisí

[1] IO L 417, 2.12.2020, lch. 1.
[2] IO L 189, 28.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/817/oj.
[3] An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), ‘VET statistics and indicators’, https://www.cedefop.europa.eu/en/projects/statistics-and-indicators.

scileanna Cedefop go mbeidh gá le meánleibhéal cáilíochtaí le haghaidh 60 % de na folúntais phoist uile faoi 2035[4], arb é an leibhéal a thairgtear den chuid is mó trí chonairí gairmoideachais agus gairmoiliúna é;

C. de bhrí gur leagadh béim dhíréireach ar ghnóthachtáil acadúil le treoshuíomh beartais an Aontais faoi Straitéis Liospóin, agus tábhacht straitéiseach na ngairmithe oilte do bhonn tionsclaíoch agus athléimneacht an Aontais á meas faoina luach; de bhrí go léirítear le forbairtí geopholaitiúla a tharla le déanaí, le suaitheadh sa slabhra soláthair agus leis an aistriú glas agus an aistriú digiteach gur gá infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint;

D. de bhrí go ndéantar le laofachtaí leanúnacha sóisialta agus beartais lena leagtar amach conairí oideachais ar bhonn céimlathach tarraingteacht conairí gairmoideachais a laghdú agus aistriú i dtreo conairí acadúla a spreagadh, lena gcuirtear teorainn le haithint chomhionann tallainne, lena mbaintear an bonn ón gcomhtháthú sóisialta agus lena ndéantar ganntanais scileanna criticiúla i gcás gairmithe oilte a ghéarú;

E. de bhrí go bhfuil bacainní riaracháin nach bhfuil gá leo, nósanna imeachta um aithint atá ilroinnte agus idir-inoibritheacht neamhleor idir córais náisiúnta fós ina mbac ar shaorghluaiseacht oibrithe, go háirithe gairmithe oilte; de bhrí gur féidir le comhar feabhsaithe idir na Ballstáit agus creataí réigiúnacha cuidiú le muinín fhrithpháirteach a chothú, nósanna imeachta um aithint a nuachóiriú agus soghluaisteacht an lucht saothair a éascú do ghairmithe oilte, agus ardchaighdeáin á gcoinneáil;

Luach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna sa tsochaí a aithint

1. á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt le haghaidh rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas an Aontais; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt a chur chun cinn agus a luacháil chun a dtarraingteacht mar chonair ardcháilíochta i dtreo na fostaíochta a mhéadú; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar aghaidh sa straitéis ghairmoideachais agus ghairmoiliúna atá ar na bacáin ar cháilíocht agus ábharthacht curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna, mar aon le cláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna a chur chun cinn ar bhealach níos fearr i measc foghlaimeoirí, fostóirí agus an phobail i gcoitinne;

2. á chur i bhfáth gur cheart breathnú ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúnt mar uirlis lenar féidir tacú le forbairt phearsanta mac léinn agus oibrithe agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais i margadh an tsaothair, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú le hiomaíochas an Aontais agus tacú leis an nuálaíocht in earnálacha straitéiseacha;

3. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go mbraitheann mic léinn agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna go bhfuil an luach céanna ag baint lena gcáilíochtaí agus lena ngairmeacha agus atá leis an oideachas acadúil, chun comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta a áirithiú;

4. á iarraidh ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit téarmaíocht níos measúla maidir le conairí oideachais a chur chun cinn agus droim láimhe a thabhairt le téarmaí amhail

[4] An Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), ‘Skills Forecast’, https://www.cedefop.europa.eu/en/tools/skills-forecast.

oideachas ‘níos airde’ agus ‘níos ísle’; á iarraidh ar an gCoimisiún an sprioc ar leibhéal an Aontais maidir le gnóthachtáil ardoideachais a bheith mar thagarmharc a aisghairm, ós rud é nach bhfuil sí i gcomhréir le rún an Choimisiúin an luach céanna a thabhairt don ghairmoideachas agus don ghairmoiliúint;

5. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar institiúidí an Aontais páirt a thabhairt do mhic léinn agus céimithe gairmoideachais agus gairmoiliúna ar gach leibhéal den cheapadh beartas chun rannpháirtíocht chomhionann a áirithiú agus tréimhsí oiliúna gairmoideachais agus gairmoiliúna a chur ar fáil;

6. ag aithint rannchuidiú WorldSkills agus EuroSkills chun barr feabhais, nuálaíocht agus tarraingteacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur chun cinn ar fud na hEorpa; ag moladh comhar feabhsaithe idir an Coimisiún, na Ballstáit agus eagraíochtaí comórtas maidir le scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna chun barr feabhais an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a chur chun cinn agus chun tacú le hinfheictheacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna; á aithint gur cheart go mbeadh na comórtais sin agus na creataí gaolmhara sin, amhail Caighdeáin Ghairme WorldSkills, ina bhfoinse inspioráide do lucht ceaptha beartas i dtaca le forbairt beartais gairmoideachais agus gairmoiliúna agus le haithint scileanna;

7. á mheabhrú, cé go sonraítear sa teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal ‘The Union of Skills’ [Aontas na Scileanna] gur cheart an gairmoideachas agus an ghairmoiliúnt a bheith ina ‘gconair foghlama a bhfuil an luach céanna ag baint léi agus atá ag an ardoideachas’, go leantar de sciar níos lú de chistiú Erasmus+ a leithdháileadh ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúnt, i gcomparáid leis an oideachas acadúil; á áitiú go méadófaí a leithdháileadh buiséid chun a áirithiú go mbainfear an cuspóir sin amach go héifeachtach agus chun tacú le sprioc ‘An Eoraip ag Gluaiseacht’ maidir le ráta soghluaisteachta foghlama 12 % a bhaint amach d’fhoghlaimeoirí gairmoideachais agus gairmoiliúna faoi 2030;

Cáilíocht agus ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú trí infheistíocht mhéadaithe

8. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit infheistíochtaí leordhóthanach a dhéanamh sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint trí mholtaí tírshonracha i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus trí chistiú ón Aontas a chur in áirithe; á mheabhrú go ndearnadh infheistíocht rathúil, faoin gCiste um Aistriú Cóir, i ngeilleagair áitiúla trí chistiú a chur ar fáil do scileanna agus d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus á mholadh go ndéanfaí obair leantach ar an sampla sin faoi phleananna comhpháirtíochta náisiúnta agus réigiúnaí na mBallstát, chun an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a chur chun cinn;

9. ag tacú le comhpháirtíochtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta idir fostóirí agus soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna chun ábharthacht agus cáilíocht curaclam gairmoideachais agus gairmoiliúna a fheabhsú; á iarraidh go ndéanfaí soláthraithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a nascadh le braislí réigiúnacha tionsclaíocha agus teicneolaíocha;

10. á iarraidh go dtabharfaí aird níos mó ar an ngairmoideachas agus ar an ngairmoiliúint i mbeartais agus cláir an Aontais atá ann cheana; ag moladh go ndéanfaí comhlachtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i bhforbairt

beartas nuálaíochta chun scaipeadh agus glacadh réiteach nuálach a fheabhsú ar fud na n-earnálacha; á áitiú gur gá tacú le hinfheistíocht i scileanna in earnálacha straitéiseacha faoi ionuithe beartais an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas atá beartaithe;

11. á chur i bhfáth go bhfuil méadú tagtha ar an ngá atá le hathsciliú mar thoradh ar an intleacht shaorga agus uathoibriú; ag cur béim, sa chomhthéacs sin, go bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht na hoiliúna atá ar fáil do na hoibrithe uile i dtaca lena ngairm reatha nó lena ngairm eile;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar fhostóirí luach saothair cothrom agus dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú do phrintíseachtaí agus d'intéirneachtaí sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint chun tarraingteacht, cáilíocht agus cuimsitheacht na foghlama obairbhunaithe a fheabhsú;

Soghluaisteacht mac léinn agus oibrithe a aithint

13. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá dioplómaí agus aithint scileanna chun saorghluaiseacht mac léinn agus oibrithe gairmoideachais agus gairmoiliúna a áirithiú agus chun aghaidh a thabhairt ar an easpa deiseanna soghluaisteachta ina leith sin; á iarraidh go mbunófaí leis an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna atá ar na bacáin éiceachóras comhleanúnach de chuid an Aontais le haghaidh aithint scileanna agus soghluaisteachta, lena n-áiritheofaí idir-inoibritheacht idir Europass, an t-aicmiú ilteangach Eorpach Scileanna, Inniúlachtaí agus Gairmeacha, creataí náisiúnta cáilíochtaí, micridhintiúir agus dintiúir dhigiteacha; ag cur béim ar an bhfíoras gur cheart an córas sin a bheith trédhearcach, fabhrach do shaoránaigh, digiteach agus saor in aisce;

14. á chur in iúl gur oth léi go bhfuil glacadh Creataí Comhchoiteanna Oiliúna faoi Threoir 2005/36/CE[5] teoranta, agus á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na comhlachtaí gairmiúla ábhartha a bhforbairt agus a gcur chun feidhme a chur chun cinn go gníomhach in earnálacha gairmiúla, ina bhféadfadh ceanglais choiteanna oiliúna tacú le soghluaisteacht ghairmiúil agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna;

°

° °

15. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

[5] Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint (IO L 255, 30.9.2005, lch. 22, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2005/36/oj).

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint bunriachtanach do rathúnas eacnamaíoch agus iomaíochas na hEorpa, don athléimneacht thionsclaíoch agus don chomhtháthú sóisialta. Tá beagnach leath de dhaltaí meánscoile sinsearaí san Aontas Eorpach cláraithe i gcláir ghairmoideachais agus ghairmoiliúna, agus braitheann na milliúin oibrithe ar cháilíochtaí gairmoideachais agus gairmoiliúna chun cur le hearnálacha atá bunriachtanach d'fheidhmiú agus iomaíochas na hEorpa. Mar sin féin, in ainneoin a thábhachta straitéisí, is lú an t-aitheantas agus an luach a thugtar don ghairmoideachas ná don oideachas acadúil i roinnt mhaith Ballstát. Leis an rún seo, freagraítear do thionscnamh an Choimisiúin Eorpaigh maidir le hAontas na Scileanna agus do chuspóirí Dhearbhú Herning, agus cuirtear leis an díospóireacht maidir leis an Straitéis Eorpach um Ghairmoideachas agus Gairmoiliúint atá ar na bacáin agus maidir leis an Tionscnamh um Inaistritheacht Scileanna atá beartaithe. Leagtar amach ann fís Pharlaimint na hEorpa le haghaidh earnáil gairmoideachais agus gairmoiliúna a bheidh níos láidre, níos tarraingtí agus a mbeidh an luach céanna ag baint léi.

Tá paradacsa roimh an Eoraip faoi láthair. Tráth a bhfuil éileamh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar scileanna gairme á chruthú ag an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, an nuachóiriú tionsclaíoch, infheistíocht i mbonneagar agus an t-aosú déimeagrafach, meastar fós nach bhfuil an luach céanna ag baint le conairí gairmoideachais agus atá leis an oideachas acadúil. Léirítear go comhsheasmhach i réamhaisnéisí mhargadh an tsaothair go bhfuil ganntanais shuntasacha in earnálacha a bhíonn ag brath go mór ar cháilíochtaí gairmoideachas agus gairmoiliúna, lena n-áirítear monaraíocht, tógáil, iompar, cúram sláinte, fuinneamh agus gairmeacha teicniúla ardfhorbartha. An tráth céanna, leantar de chuid mhór daoine óga a chur ar an eolas go ndéantar rath san oideachas a thomhas go príomha trí dhul chun cinn san ardoideachas.

Ní dúshlán eacnamaíoch amháin í sin ach is dúshlán cultúrtha í freisin. Le blianta fada anuas, is minic a chaith beartas oideachais agus dioscúrsa poiblí ar fud na hEorpa le conairí acadúla agus gairmoideachais ar bhonn céimlathach, seachas mar chineálacha foghlama agus saineolais atá éagsúil le chéile ach a bhfuil an luach céanna ag baint leo. Chruthaíodh le leathnú an ardoideachais deiseanna tábhachtacha do na milliúin Eorpach, ach cuireadh freisin leis an dearcadh gurb é an gairmoideachas an dara rogha is fearr. Leanann an céimlathas measa sin de chinntí oideachais, gairmthreoir, torthaí mhargadh an tsaothair agus dearcthaí poiblí i leith gairmeacha oilte a mhúnlú.

Tá i bhfad níos mó i gceist leis na hiarmhairtí ná an beartas oideachais. I roinnt mhaith Ballstát, bíonn míbhuntáistí struchtúracha fós ag saoránaigh ar a bhfuil oideachas praiticiúil i réimsí amhail dul chun cinn gairme agus deiseanna ioncaim, ionadaíocht pholaitiúil agus rochtain ar thithíocht. Cé go mbraitheann sochaithe ar theicneoirí oilte, ceardaithe, oibrithe cúraim sláinte agus gairmithe gairmiúla eile, is minic nach bhfuil an luach sóisialta agus eacnamaíoch céanna ag baint leis na gairmeacha sin agus atá le gairmeacha a dteastaíonn cáilíochtaí acadúla uathu. Tá an baol ann go dtreiseoidh éagothromaíochtaí den sórt sin deighiltí sóisialta idir saoránaigh a bhfuil oideachas praiticiúil agus teoiriciúil acu, rud a chuirfidh teorainn leis an tsoghluaisteacht shóisialta, a chuirfidh athléimneacht dhaonlathach i mbaol agus a lagóidh muinín as an ngealltanas go gcuirfear an luach céanna ar gach cineál tallainne.

Bíonn iarmhairtí suntasacha eacnamaíocha ag na neamhionannais sin freisin. Tá iomaíochas

na hEorpa ag brath níos mó agus níos mó ar a cumas oibrithe a bhfuil scileanna gairme acu a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Tá lucht saothair gairmiúil ardoilte de dhíth chun an t-aistriú i dtreo na haeráidneodrachta, chun teicneolaíochtaí nua a chur in úsáid, chun acmhainneacht thionsclaíoch na hEorpa a neartú agus chun iarrachtaí a dhéanamh spleáchais straitéiseacha a laghdú. Dá bhrí sin, ní hamháin gur toradh ar athrú déimeagrafach nó ar chlaochlú eacnamaíoch iad ganntanais scileanna; is toradh iad freisin, i bpáirt, ar roghanna seanbhunaithe sochaíocha agus beartais a rinne tearcluacháil ar an ngairmoideachais agus gairmithe oilte. Dá bhrí sin, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais lucht saothair, tá gá le níos mó ná oiliúint a chur ar oibrithe breise. Chuige sin, ní mór tarraingteacht, stádas agus infheictheacht na gconairí gairmoideachais ar fud na sochaí a athbhunú.

Cuid bhunriachtanach den iarracht sin is ea cáilíocht agus ábharthacht an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna a fheabhsú. Tá gá le comhpháirtíochtaí láidre idir soláthraithe oideachais, fostóirí, údaráis réigiúnacha agus comhpháirtithe sóisialta chun a áirithiú go leanfaidh cláir ghairmoideachias de bheith freagrúil d'fhorbairtí sa mhargadh saothair agus d'athruithe teicneolaíochta. Léirítear le hIonaid Barr Feabhais Gairme, foghlaim obairbhunaithe agus printíseachtaí acmhainneacht an dlúthchomhair idir an t-oideachas agus an tionscal chun nuálaíocht, forbairt reigiúnach agus fás eacnamaíoch a chothú. An tráth céanna, éireoidh deiseanna fohglama ar feadh an tsaoil, uas-sciliú agus athsciliú níos tabhachtaí de réir mar a leanfaidh an intleacht saorga, an t-uathoibriú agus an digitiú de ghairmeacha and riachtanais scileanna a athrú ó bhonn.

Tá soghluaiseacht an lucht saothair agus aithint cáilíochtaí ríthábhachtach i gcónaí do mhargadh saothair Eorpach dea-fheidhmiúil. Tá saorghluaiseacht oibrithe ar cheann de shaoirsí bunúsacha an Aontais, ach is minic a bhíonn bacainní nach bhfuil gá leo roimh fhoghlaimeoirí agus oibrithe gairmoideachais agus iad ag lorg deiseana thar theorainneacha. Trí fheabhas a chur ar thrédhearcacht, iniomparthacht agus aithint scileanna agus cáilíochtaí, is féidir cuidiú le haghaidh a thabhiart ar ghanntanais lucht saothair, an margadh inmheánach a neartú agus a áirithiú gur féidir le tallann ghairme bogadh chuig na háiteanna is mó a bhfuil ga léi.

I dteannta a chéile, féactar leis an rún seo le rannchuidiú le hathrú níos leithne ar an gcaoi a gcuireann an Eoraip luach ar eolas, scileanna agus gnóthachtáil oideachais. Ní leor freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair chun fíor-Aontas na Scileanna a bhaint amach. Mar a léirítear freisin sa ghealltanas a shonraítear sa teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna gur cheart an gairmoideachas agus an ghairmoiliúint a bheith ina 'gconair foghlama a bhfuil an luach céanna ag baint léi agus atá ag an ardoideachas', ciallaíonn sé sin gur cheart do na hinstitiúidí Eorpacha agus do na Ballstáit beart a dhéanamh de réir a mbriathair i dtaca le beartais, ionstraimí, an reachtaíocht agus foclaíocht.

IARSCRÍBHINN: DEARBHÚ IONCHUIR

I gcomhréir le hAirteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuil ionchur curtha san áireamh aici ina tuarascáil ar shaincheisteanna a bhaineann le hábhar an chomhaid a fuair sí, le linn ullmhú na dréacht-tuarascála, ó na hionadaithe leasa seo a leanas a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach[1], nó ó na hionadaithe údarás poiblí tríú tíortha seo a leanas, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí:

1. Ionadaithe leasa a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach
2. Ionadaithe ó údaráis phoiblí tríú tíortha, lena n-áirítear a misin taidhleoireachta agus a n-ambasáidí

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir a n-ainm, a bhfeidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do) a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena leagtar amach na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.

[1] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Bealtaine 2021 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le clár trédhearcachta sainordaitheach (IO L 207, 11.6.2021, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2021/611/oj).